An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Dé Máirt 19 Eanáir 2016

Tionóladh cruinniú den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in Institiúid Oideachais Marino ar 11am Dé Máirt 19 Eanáir 2016.

I láthair: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Yvonne Ní Mhurchú, Elaine Ní Neachtain, Deirbhile Nic Craith, Séamus Ó Fearraigh, Seán Mac Nia, Marina Ní Threasaigh, Robbie Cronin, Dairíona Nic Con Iomaire, Sinéad Nic Giolla Cionnaigh.
Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Cathy Ní Chianaigh (Oifigeach Feidhmiúcháin)
Leithscéalta: Aindrias Ó Muimhneacháin

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Coimhlint Leasa	Dhearbhaigh baill an bhoird nach raibh aon ábhar ar an gclár a mbeadh coimhlint leasa ag aon duine leis.	
2. Miontuairiscí an 10 Samhain 2015	Glacadh le miontuairiscí an 10 Samhain 2015 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
3. **Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár**	Rinneadh tuairisciú ar an gcruinniú le Ceann Oideachais Microsoft maidir le tacú le tionscadal TFC i scoileanna lán-Ghaeilge & Gaeltachta. **Teagasc Críostaí sna bunscoileanna** D'eagraigh Veritas grúpa fócais le riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a phlé i gcomhthéacs an chláir nua chreidimh 'Grow in Love'. Tuairiscíodh go raibh cruinniú dearfach ann ach gur gá tuilleadh plé maidir le leagan Gaeilge an chláir. **Séideán Sí** Moladh leasuithe a dhéanamh ar an leagan digiteach de *Séideán Sí* chun é a chur in oiriúint don churaclam comhtháite teanga a seoladh roimh Nollaig.	Lorgófar cruinniú eile leis. Déanfar teagmháil le Gaelscoileanna Teoranta agus leis an bhForas Pátrúnachta le litir chaighdeánach chuig na hEaspaig a phlé.
4. Tuairisc an Chathaoirligh	**Cúrsaí fostaíochta** Tuairiscíodh go ndeachaigh ochtar faoi	

	agallamh ar an 13 Eanáir don dá phost mar Oifigeach Oideachais. **Cruinniú leis an ROS, an 28 Eanáir 2016:** Ag an gcruinniú seo le hoifigigh na ROS pléifidh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach rialachas corparáideach agus nithe eile. Beidh na pointí seo á gcur faoi bhráid na ROS: 1. **Stádas reachtúil COGG, a feidhmeanna agus a freagrachtaí** 2. **Oideachais Tosaigh Múinteoirí:** Pléadh an t-am a gcaitear ag teagasc na Gaeilge sna Coláistí Oideachais. Bhí moladh ann go leagfadh an ROS caighdeán fágála sa Ghaeilge síos do gach céimí oideachais bunscoile (TEG). Bhí moladh ann go gcuirfeadh an ROS cúrsa MGO ar fáil trí Ghaeilge in oirthear na tíre agus go mbunódh sí cúrsa iar-chéime bunmhúinteoireachta trí Ghaeilge. 3. **Clár comhtháite do theagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla:** Tugadh moladh don chlár 'Bua na Cainte'. Tá an clár dírithe ar na bunranganna faoi láthair. Tá sé éifeachtach agus is ceart cur leis do na meánranganna agus do na hardranganna. Pléadh *Séideán Sí* agus an curaclam nua agus dúradh go bhfuil práinn le FGL do mhúinteoirí. Is gá measúnú na scileanna éagsúla a bheith ann. 4. **Clár luathléitheoireachta** Moladh tairiscintí a lorg do scéim léitheoireachta do scoileanna Béarla nó féachaint an mbeadh CLEITE oiriúnach do na scoileanna sin. Luadh go bhféadfaí obair ar bhonn uile-oileánda	Tá eolas cruinn le bailiú faoi na huaireanta teagaisc Gaeilge sna Coláistí Oideachais le fianaise a chur leis an éileamh.

	le CCEA. Tuairiscíodh gur seoladh Taisce Tuisceana, Banda 1, chuig na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tuairiscíodh go bhfuil an clár luathléitheoireachta *Cleite* in úsáid i roinnt scoileanna Béarla. Tá scéim phíolótach tosaithe ag an Áisaonad agus COGG i scoil amháin san iar-thuaisceart. Beidh infheistíocht mhór i gceist le clár luathléitheoireachta a chur ar fáil do bhunscoileanna Béarla. Beidh gá ann Coiste Comhairleach a bhunú. **5. Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Sparánachtaí don MGO** Moladh sparánachtaí níos mealltaí a chur ar fáil do chéimithe le tacú leo tabhairt faoin MGO trí Ghaeilge nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach i nGaillimh.	Tá cúpla scoil eile le tabhairt isteach sa scéim.
5. Tuairisc Airgeadais	Cuireadh seo faoi bhráid na gcomhaltaí agus léiríodh inti céatadán den bhuiséad a caitheadh ar na rannóga éagsúla i 2014 & 2015. Pléadh an cháipéis. Tuairiscíodh go bhfuarthas an chéad sciar de bhuiséad 2016. Níl scéal oifigiúil faighte faoi bhuiséad 2016.	
6. **Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh**	**Cruinniú rialachais** Tá roghanna, maidir le réiteach na ndúshlán reatha éagsúil atá ag COGG, le cur faoi bhráid na Roinne go luath agus le plé ag an gcruinniú ar an 28 Eanáir 2016. **Athbhreithniú ar an oideachas Gaeltachta:** Pléadh cur i bhfeidhm an pholasaí.	

	CNCM: An Curaclam Teanga: Beidh ionadaí COGG ag freastal ar chruinniú athbhreithnithe don churaclam teanga ar an 27 Eanáir 2016. Luafar an gá atá le clár teagaisc comhtháite, chomh maith le FGL do mhúinteoirí. Is gá aitheantas a thabhairt do thréimhse tumoideachais iomláin sa churaclam teanga. **Taighde ar thionchar na n-athruithe ar shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta (2010):** Pléadh tuairisc na Roinne Oideachais faoin taighde. Míníodh go bhfuil anailís comparáideach bunaithe ar chaighdeán, scileanna, cumas agus inniúlacht teanga á dhéanamh idir dhaltaí a rinne Ardteist i 2011 agus daltaí a rinne an Ardteist ina dhiaidh sin. Tá peirspeictíocht dhaltaí Ardteiste 2015 le bheith san áireamh freisin. Beidh an taighde curtha i gcrích i mbliana. Cinneadh a iarraidh ar Ionad na dTeangacha i Má Nuad cohórt mac léinn eile a mheas de réir mar a rinneadh cheana agus comparáid a dhéanamh idir chumas na mac léinn i 2011, 2012 agus 2016. **Triailscrúduithe 2016:** Tá páipéir 2016 don Teastas Sóiséarach & don Ardteist ar fáil. **Ceardlann Éire 1916:** Tuairiscíodh gur eagraíodh 2 sheimineár faoi 1916 agus go mbeidh 2 sheimineár eile ar siúl go luath. **Taisce Tuisceana:** Seoladh Banda 1 de Thaisce Tuisceana amach chuig na bunscoileanna agus bhí siad lánsásta leis. Tuairiscíodh go mbeidh Banda 2 réidh i gceann cúpla	A iarraidh ar an Roinn Oideachais an ráiteas faoin taighde atá sa Tuairisc ar fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain a leasú. Ceisteanna a ardaíodh ag cruinniú COGG faoin taighde a chur in iúl don Roinn.

	mí. **Ceardlann sa Bhruiséal:** Beidh Príomhfheidhmeannach COGG agus ionadaí CNCM páirteach i gceardlann do na Scoileanna Eorpacha sa Bhruiséal 7-9 Aibreán 2016. Cuireadh an cheardlann ar athló de bharr baol sceimhlitheoireachta.	
7. Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta	Bhí cruinniú den Choiste Iniúchóireachta & Riosca ann Déardaoin 10 Nollaig 2015. Scaipeadh na miontuairiscí ar chomhaltaí an bhoird. Cuireadh in iúl nach raibh *Téarmaí Tagartha* an Choiste réidh chun cur faoi bhráid an bhoird ach go mbeadh siad ar fáil don chéad chruinniú eile.	*Téarmaí Tagartha* a chur faoi bhráid an bhoird ag an gcéad cruinniú eile.
8. Tuairisc CNCM	Thug Oifigeach Oideachais CNCM tuairisc don bhord. **Bunleibhéal:** An comhairliúchán faoi Reiligiúin, Creidimh agus Eiticí (ERC) ag leibhéal na bunscoile ag leanúint ar aghaidh. Beidh grúpa fócais ar siúl an mhí seo i nGaillimh maidir le Mata bunleibhéil. **Dara leibhéal:** Tuairiscíodh go raibh trí mheitheal forbartha nua ann le haghaidh Stair, Eacnamaíocht Bhaile agus Ceol. Tá an comhairliúchán dúnta ar an doiciméad eolais d'Ealaín na Sraithe Sóisearaí anois agus tá an cháipéis eolais ar fáil anois. **An Ghaeilge sa tSraith Shóisearach** Beidh na sonrúcháin nua sna scoileanna in 2017 agus an Mheitheal ag feidhmiú dá réir sin. Tá Muiris Ó Laoire ag tacú leis an Meitheal agus beidh comhairliúcháin le COGG i gceist.	

	Ardaíodh buncheisteanna faoi dhualgais na scoileanna maidir le rogha idir cúrsa T1 & T2; faoi chearta dhaltaí ardchumais i scoileanna T2 tabhairt faoi chúrsa T1; faoin díolúine ón nGaeilge; faoi thábhacht teidil na gcúrsaí; faoi chás na ndaltaí laga agus gan Bonnleibhéal a bheith ann. Tuairiscíodh go bhfuil na buncheisteanna á bplé ag an Meitheal. Moladh na ceisteanna a ardú leis an Roinn Oideachais. Beidh an chéad chruinniú eile den Mheitheal ar siúl ar 27 Eanáir 2016.	
9. Scéimeanna maoinithe 2016	Fógrófar Scéim Mhaoinithe na nÁiseanna Teagaisc agus na Sparánachtaí Taighde i mí Feabhra. Lorgófar taighde ar ábhar a aithnítear mar bhearna sa soláthar reatha.	
10. Plean margaíochta	Beidh cruinniú idir Príomhfheidhmeannach COGG agus comhairleor ó *Stillwater Communications* ar an 22 Eanáir 2016 chun plean margaíochta a phlé agus comhairle a lorg.	Aiseolas a thabhairt don bhord faoi phlean margaíochta COGG.

10. Aon ghnó eile	Pléadh agus ceadaíodh trí iarratas maoinithe. Pléadh sos gairme, stádas fostaíochta agus liúntais bhreise agus teagasc trí Ghaeilge nó sa Ghaeltacht san áireamh. **Cruinnithe 2016:** >Déardaoin 25 Feabhra 2016 ag 11am >Dé Máirt 19 Aibreáin 2016 ag 11am >Dé Máirt 14 Meitheamh 2016 11am Beidh na cruinnithe ar siúl in Institiúid Oideachais Marino.	

Síniú an Chathaoirligh:

_____

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach)

Dáta: _____